

Gailearaithe LCB

# LEABHARLANN CHESTER BEATTY

Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2



*Dé Luain-Dé hAoine 10rn-5rn  
(Beathas go Meán Fomhair)*

*Dé Máirt-Dé hAoine 10rn-5rn  
(Deiradh Fomhair go hAibreán)*

*Dé Sathúrn 11rn-5rn  
(An Bhliain ar fad)*

*Dé Dombuaigh 1rn-5rn  
(An Bhliain ar fad)*

*Dúnta Laebhanta Saoire Poiblí, Aoine an Chéasta, 24ú,  
25ú agus 26ú Nollaig, 1ú Eanáir*

*Ceol isteach saor in aisce*

*Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2*

*Guthán: 353(0) 1 4070750*

*Fón: 353 (0)1 4070760*

*Riombpost: info@cbl.ie*

*www.cbl.ie*

LEABHARLANN  
**Chester  
Beatty**  
LIBRARY

## LEABHARLANN **Chester Beatty** LIBRARY

**O**sclaíonn Leabharlann Chester Beatty fuinneog ar thaiscí ealaíon mhórchultúir agus mhór-reiligiúin an domhain. Leis an mbailiúchán saibhir lámhscríbhinní, priontaí, dealbh, mionpictiúir, leabhar luathchlóite agus earraí ealaíne ó thíortha ar fud na hÁise, an Mheánoirthir, Tuaisceart na hAfraice agus ar fud na hEorpa ofráltar féasta amhaire - agus iad ar fad de thoradh gníomhaíochtaí bailiúcháin aon fhir amháin.

I measc bhuaicphointí an bhailiúcháin tá téacsanna paipíre Éigiptí, cóipeanna maisithe go hálainn den Qur'an, den Bhíobla, de lámhscríbhinní mheánaois na hEorpa agus na hathnuachana. Tá mionpictiúir ón Tuirc agus ón bPeirs agus pictiúir fhíorbhreátha Bhúdaíocha ar taispeáint chomh maith, in éineacht le róbaí dragúin Síneacha agus priontaí bloic adhmaid Seapánacha. Leis an éagsúlacht ann, aimsíonn an bailiúchán cuid mhaith de shaibhre léiriú cruthaitheach an duine ó thart ar 2700 BC go dtí an lá atá inniu ann.



D'fhág an boc mór mianadóireachta seo ó Mheiriceá, Alfred Chester Beatty, an bailiúchán le huacht chun

leas an phobail. Nuair a d'éirigh an mórbhailitheoir ealaíne, Chester Beatty, as a phost tháinig chun cónaithe in Éirinn i 1950 agus chaith cuid mhaith dá am i mBaile Átha Cliath go dtí gur cailleadh é i 1968. Iompaíodh an Leabharlann ina hiontaobhas earthanach poiblí i 1969.

Tá na príomhghailearaithe taispeántais suite i bpíosa breise nua-aimseartha d'Fhoirgneamh an Túir Chloig ag Caisleán Bhaile Átha Cliath, áit ar aistrigh an Leabharlann chuige i Samhain 1999. Foirgneamh ón ochtú haois déag é a athchóiríodh agus a athdhearadh le haghaidh úsáide ag Leabharlann Chester Beatty sna 1999idí déanacha.

Soláthraíonn an Leabharlann na saoráidí seo a leanas: GAILEARAITHE LCB (taispeántais bhuaiana agus shealadacha), AN SEOMRA LÉITHEOIREACHTA (leabharlann ghinearálta agus taighde a bhaineann leis na bailiúcháin), cláir oideachais agus for-rochtana, agus seirbhísí do shainscoláirí agus saintaighdeoirí.







## Gailearaithe CBL

**I**ontrálann an cuairteoir Leabharlann Chester Beatty bealach lan ghairdín ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. Is spás breá nua-aimseartha é an halla iontrála gloinedhíonaithe a nascann an foirgneamh ochtú haois déag leis na gailearaithe taispeántais saindéanta nua. Ar urlár na talún, féadfaidh an cuairteoir taitneamh a bhaint as léiriúchán closamhairc ar shaol Sir Alfred Chester Beatty agus a shárbhailiúchán ealaíne. Tá léachtlan, bialann agus siopa ar an leibhéal seo chomh maith.



Tá GAILEARAITHE CBL suite ar an gcéad agus an dara hurlár.

Iontrálar Gailearaí an Chéad Urláir trí thaispeántas a dhíríonn ar shaol Chester Beatty agus a bhailiúchán. Tá busta breá de Chester Beatty a rinne an dealbhóir Carolyn Mulholland ann mar thabhairt isteach chuig taispeántas doiciméad agus cuimhneachán a insíonn faoi éachtaí Chester Beatty.



Sa phríomhthaispeántas sa ghailearaí seo taispeántar cuid mhaith saothar álainn ealaíne ó dhomhan an Iarthair, ón domhan Ioslamach agus ó dhomhan na hÁise Thoir. Féadfaidh an cuairteoir ceann de na bailiúcháin is breátha ar domhan de shéadleabhair Shíneacha a fheiceáil anseo nó féadfaidh sé/sí staidéar a dhéanamh ar mhionsonraí casta ar *imr*. Seaipeánach, na boscaí bídeacha sin a úsáidtear chun séaláí agus cógais a stóráil. I measc buaicphointí eile áirítear mionphictiúir ó chúirteanna Impirí Mughal na hIndia, lámhscríbhinní maisithe Peirseacha, leabhair chlóite, ceangail agus líníochtaí breátha ón Eoraip, agus peannaireacht bhreá ó áiteanna ar fud an domhain. Sna cláir chlosamhairc mínítear teicnící déanta priontaí, déanta páipéir agus táirgthe leabhar.



Mar phríomhábhar i nGailearaí an Dara hUrlár tá mór-reiligiúin an domhain lena n-áirítear Giúdachas, Críostaíocht, Ioslamachas, Búdachas agus Hiondúchas. Sna cláir chlosamhairc scrúdaítear an oilithreach Mhoslamach go Meice, saol Chríost agus Bhúda, agus deasghnátha na breithe, an phósta agus an bháis i gcórais éagsúla creidimh.







I measc na rudaí suntasacha atá ar taispeánt sna gailearaithe seo áirítear cóipeanna sármhaisithe den Qur'an a théann siar ón naoú haois déag go dtí an naoú haois AD; paipírí ársa, lena n-áirítear na dánta grá cáiliúla Éigipteacha ón tréimhse 1100 BC; agus cuid de na téacsanna is luaithe den Soiscéal agus den Tiomna Nua, a théann siar go c.200 AD. Is foinse bhunúsach don luath-Chríostaíocht é bailiúchán Chester Beatty de théacsanna an Tiomna Nua agus seasann na lámhscríbhinní Qur'an do na léiriúcháin is breátha den Ioslamachas i bpeannaireacht agus maisíocht. Ar taispeánt chomh maith tá scrollaí breátha agus saothair eile ealaíne reiligiúnda ón tSín, ón tSeapáin, ón Tibéid, agus ó Dheisceart agus Oirdheisceart na hÁise.

## Sir Alfred Chester Beatty

Saolaíodh Alfred Chester Beatty i Nua Eabhrac sa bhliain 1875. Ba é an duine ab óige de thríúr mac é. I ndiaidh a chuid scolaíochta i Nua Eabhrac, bhain Beatty céim amach mar innealtóir mianadóireachta ó Ollscoil Columbia agus chuaigh sé Siar ansin, ag tosú ag bun an scála ag sluaisteáil carraige i mianaigh i nDenver, Colorado. D'oibrigh sé go dian, bhain clú idirnáisiúnta amach go pras mar innealtóir mianadóireachta agus bhunaigh comhairleacht mianadóireachta an-rathúil i Nua Eabhrac sa bhliain 1908.



Sa bhliain 1900, phós sé Grace Madeleine Rickard agus bhí beirt pháistí acu. Fuair bean Beatty bás le fiabhras tíofóideach sa bhliain 1911. Agus é in easláinte, d'fhág Beatty domhan gnóthach na mianadóireachta sna Stáit Aontaithe agus bhunaigh comhairleacht nua i Londain.

I mBealtaine 1912 cheannaigh sé Teach Baroda i nGairdíní Phálás Kensington agus phós sé Edith Dunn ó Nua Eabhrac an bhliain ina dhiaidh sin.

Bailitheoir mianraí, buidéal snaoise Síneach agus stampaí a bhí ann ina óige, thosaigh sé ag bailiú ar bhonn níos fairsinge agus é ina aosach, ag ceannach lámhscríbhinní Eorpacha agus Peirseacha. Cuireadh



a shuimeanna ar bhealach nua nuair a thug sé féin agus Edith cuairt ar an Éigipt sa bhliain 1914 agus cheannaigh roinnt cóipeanna maisithe den Qur'an sna basáir ann. Cuireadh péintéireacht Sheaipeánach agus Shíneach lena shuimeanna nuair a thug sé cuairt ar an Áise sa bhliain 1917. Tarraingíodh a shúil ar ábhar fíormhaisithe, ceangail bhreátha agus peannaireacht álainn, ach bhí luí aige le téacsanna a chaomhnú dá luach stairiúil.

Rinne Chester Beatty cion mór do sholáthar amhábhair straitéiseach do na Comhghuaillithe le linn an Dara Cogadh Domhanda, rud a ndearnad ridire de dá bharr ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1950, bheartaigh sé ar aistriú go hÉirinn agus thóg sé leabharlann dá bhailiúchán ealaíne ar Bhóthar Shrewsbury, agus osclaíodh í i 1954. Sa bhliain 1957, bronnadh an chéad saoránacht oinigh Éireannach riamh ar Chester Beatty.

Ar a bhás, fágadh an bailiúchán le huacht chun leas an phobail. Tacaíonn Rialtas na hÉireann go flaithiúil leis agus tá sé ar cheann d'institiúidí cultúrtha náisiúnta na tíre. Maireann a bhailiúchán ríluachmhar mar cheiliúradh ar spiorad agus flaithiúlacht Chester Beatty.

## An LEABHARLANN Tagartha

I Leabharlann Chester Beatty tá seomra léitheoireachta chomh maith a bhfuil bailiúchán mór leabhar tagartha atá ag dul i méid. Féadfaidh an cuairteoir (a chaithfidh cur isteach ar thicéad léitheora i dtosach) obair a dhéanamh sa seomra álainn seo ar an gcéad urlár d'fhoirgneamh bunaidh an Túir Chloig a ionchopraíonn síleáil bhreá péinte laicir i stíl Shíneach, síleáil a chruthaigh Chester Beatty dá bhaile i Londain i dtosach. Rinne Hicks Bhaile Átha Cliath na leabhragáin mhahagaine sa bhliain 1950.

## An GAIRDÍN Dín

Suite os cionn na ngailearaithe taispeántais ag Leabharlann Chester Beatty tá gairdín dín suaimhneach, atá tírdhréachtaithe agus deartha i stíl a léiríonn atmaisféar Leabharlann Chester Beatty.

